# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

# Scéim Mharcála

# GAEILGE

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2013

# SCÉIM MHARCÁLA

# GAEILGE

# GNÁTHLEIBHÉAL

**SCRÚDUITHE TEISTIMÉIREACHTA, 2013**

**GAEILGE**

**ARDTEISTIMÉIREACHT, GNÁTHLEIBHÉAL**

**SCÉIM MHARCÁLA**

**GINEARÁLTA**

Ní mór do na Scrúdaitheoirí Cúnta an mharcáil a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór dóibh na mórbhotúin go háirithe a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

Is cóir na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad), a thaispeáint go soiléir san ionad cuí ar fhreagarleabhar an Iarrthóra.

**Páipéar I (160 marc)**

**CEIST 1** **- CLUASTUISCINT -** **60 marc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Tuiscint | = **60** marc | |
| **(ii)** | Cumas Gaeilge | - ( **0-6**) marc | |
| **(iii)** | **Iomlán** | = | |

**Cuid A:** **24 marc (Eolas)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Fógra 1: | 3 mharc × 4 | = | 12 mharc |
| Fógra 2: | 3 mharc × 4 | = | 12 mharc |
| | **12 + 12** | = | **24 marc** |

**Cuid B:** **24 marc (Eolas)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Comhrá 1: | 3 mharc × 4 | = | 12 mharc |
| Comhrá 2: | 3 mharc × 4 | = | 12 mharc |
| | **12+ 12** | **=** | **24 marc** |

**Cuid C:** **20 marc (Eolas)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Píosa 1: | 3 mharc × 2 | = | 6 mharc |
| Píosa 2: | 3 mharc × 2 | = | 6 mharc |
| | **6 + 6** | **=** | **12 mharc** |

**24 + 24 + 12 = 60**

**Bainfear ó 0 go 6 ar chaighdeán na Gaeilge.**

# Téipscript

## CUID A

### Fógra 1 ( Cánúint Chonnacht)

Seo fógra ón eagraíocht Gaelscoileanna. Cuirfidh Gaelscoileanna an comórtas *Scléip* ar siúl i mí Aibreáin. Is comórtas náisiúnta tallainne é. Tá *Scléip* dírithe ar dhaltaí atá ag freastal ar scoileanna dara leibhéal lán-Ghaeilge nó ar scoileanna dara leibhéal Gaeltachta. Beidh sé rannóg sa chomórtas – ceol, amhránaíocht, rince, mím, scéalaíocht agus drámaíocht. €20 an táille iontrála ar gach rannóg. Is é an deichiú lá de Mhárta an dáta deireanach le haghaidh iontrálacha. Tá gach eolas faoin gcomórtas ar fáil ach ríomhphost a chur go dtí oifig@gaelscoileanna.ie.

### Fógra 2 ( Canúint na Mumhan)

Seo fógra ón mbrainse áitiúil de chumann na Croise Deirge. Tá cumann na Croise Deirge ag bailiú airgid chun cuidiú leis na daoine san Afraic atá ag fulaingt de bharr gorta. Beidh turas rothaíochta urraithe ar siúl ar an naoú lá de Bhealtaine. Turas tríocha míle a bheidh ann, ó lár an bhaile amach go dtí an Bóthar Buí agus ar ais. Beidh oíche eolais faoin turas rothaíochta seo ar siúl i halla na pobalscoile oíche Dé Céadaoin seo chugainn. Tabharfar amach cártaí urraíochta ar an oíche. Le bheith páirteach sa turas, ní mór do dhuine €25 d'urraíocht a bhailiú. Úsáidfear an t-airgead ar iarrachtaí chun foinsí nua uisce a aimsiú i dtíortha na hAfraice. In airde ar do rothar leat le cuidiú leis an gcúis mhaith seo.

# CUID B

## Comhrá 1 (Canúint Uladh)

**An Chéad Mhír**

**Seán:** Haló, a Orla, cad é mar atá cúrsaí leatsa?

**Orla:** Go hiontach, a Sheáin. Agus cén fáth nach mbeadh? Chríochnaigh mé an Ardteistiméireacht inniu … bhí an scrúdú deireanach agam ar maidin.

**Seán:** Nach breá duit, a Orla. Tá mé in éad leat. Tá an Eacnamaíocht fós le déanamh agamsa. Dé hAoine seo chugainn. Cén scrúdú a bhí agat maidin inniu, a Orla?

**Orla:** An Bhitheolaíocht. Bhí mé an-sásta leis an pháipéar. Sin dea-scéal domsa mar tá súil agam an Eolaíocht a dhéanamh trí Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh. Cén plean atá agat féin, a Sheáin?

**Seán:** Is é an Gnó i gColáiste na Tríonóide an chéad rogha atá agam ar fhoirm an CAO.

**Orla:** Ní bheidh aon fhadhb agat na pointí a fháil. Is scoláire maith thú agus bhí múinteoir maith agat don Ghnó san Ardteist.

**An Dara Mír:**

**Seán:** Tá mé ag iarraidh post páirtaimseartha a fháil don samhradh. Ba mhaith liom airgead a shábháil don Ollscoil. Ní bheidh sé éasca ar mo thuismitheoirí.Beidh na táillí clárúcháin níos airde ná riamh agus beidh triúr againn ar an ollscoil an bhliain seo chugainn.

**Orla:** Nach raibh tú ag obair go páirtaimseartha an samhradh seo caite, a Sheáin?

**Seán:** Bhí mé ag obair sa gharáiste bheag anseo sa bhaile. Tá seans agam dul ar ais ag obair ann arís i ndiaidh na hArdteistiméireachta. Níl an pá iontach ach tá an t-úinéir go deas agus cuidíonn gach euro na laethanta seo.

**Orla:** Cuidíonn, cinnte. Tá an t-ádh ormsa. Beidh mise ábalta fanacht sa bhaile anseo an bhliain seo chugainn. Ní bheidh táillí lóistín le híoc agamsa. Is é costas an lóistín is mó a chruthaíonn fadhbanna do mhic léinn ollscoile.

**Seán:** Is é, cinnte, agus bhí moill mhór leis na deontais anuraidh. Féach, ní ceart dúinn a bheith ag caint faoi na fadhbanna. Beidh an saol go breá againn, déarfainn.

**Orla:** Bhuel, tá moladh amháin atá agam duit anois, a Sheáin. Luigh isteach ar an staidéar idir seo agus an Aoine. Tá go leor cainte déanta againn. Ádh mór ort sa scrúdú, a Sheáin.

**Seán:** Go raibh maith agat, a Orla. Déanfaidh mé cúpla uair a' chloig staidéir anocht. Beidh sé ar fad thart i gceann dhá lá, buíochas le Dia.

## Comhrá 2 (Canúint Chonnacht)

**An Chéad Mhír:**

**Colm:** Ó, a Shíle, tá fáilte romhat abhaile. Cén uair a tháinig tú ar ais?

**Síle:** Bhuel, a Choilm, shroich mé aerfort Bhaile Átha Cliath maidin Dé Sathairn ar leathuair tar éis a sé.

**Colm:** Ar ndóigh, chuala mé ar an nuacht go raibh na heitiltí go léir idir Éirinn agus Nua-Eabhrac curtha ar ceal ar feadh trí lá.

**Síle:** Ní haon ionadh é sin, a Choilm. Dúradh thall i Nua-Eabhrac gurbh é hairicín Sandy an hairicín ba mheasa a bhuail cósta thoir Mheiriceá riamh. Ní chreidfeá an aimsir, a Choilm – gálaí móra gaoithe, tonnta ollmhóra agus tuilte arda.

**Colm:** Ó, go sábhála Dia sinn. Ar tháinig an chathair chun stad?

**Síle:** Tháinig, go deimhin. Bhí ceantar Manhattan i ndroch-chaoi cheart. Fágadh na sráideanna faoi uisce, scuabadh droichid chun siúil agus cuireadh an córas iompair ó mhaith.

**Colm:** Ar bhog tú amach ón óstán in aon chor, a Shíle?

**Síle:** Níor bhog. Bhí mé gafa san óstán ar feadh dhá lá. Cuireadh isteach go mór ar na seirbhísí san óstán. Ní raibh leictreachas, teas, teilifís ná an t-idirlíon ar fáil. Bhí mé ag brath ar an bhfón póca agus ar an raidió.

**An Dara Mír:**

**Colm:** Céard a rinne tú san óstán, a Shíle?

**Síle:** Chaith mé an t-am ag éisteacht le ceol ar an i-pod.

**Colm:** An raibh tú scanraithe, a Shíle?

**Síle:** Bhí, go deimhin. Oíche amháin, chuala mé pléasc uafásach agus nuair a d'fhéach mé amach an fhuinneog, bhí na cáblaí leictreachais tite anuas agus bhí carr trí thine.

**Colm:** Ó, a Shíle, bhí an t-ádh dearg leat. Tuairiscíodh ar an nuacht anseo gur maraíodh tríocha duine agus go ndearnadh luach fiche milliún dollar de dhamáiste.

**Síle:** Chreidfinn é sin. D'fhéadfadh cúrsaí a bheith i bhfad níos measa, a Choilm. Ar ámharaí an tsaoil, bhí an stáisiún núicléach is gaire do Nua-Eabhrac dúnta i gcomhair deisiúcháin ag an am. Ní fios cén scrios a dhéanfaí dá dtarlódh aon rud don stáisiún núicléach.

**Colm:** Ó, a Shíle … Creid é nó ná creid é, chonaic mé pictiúr ar Facebook agus siorc ag snámh timpeall ar theach i Nua-Eabhrac.

**Síle:** Ó, an ag magadh fúm atá tú, a Choilm?

# Cuid C

### Píosa 1 (Canúint Uladh)

Bhí slua mór i láthair in Óstán Jackson aréir nuair a seoladh Bliainiris Dhún na nGall. 160 leathanach atá sa bhliainiris seo agus clúdaíonn sí go leor gnéithe de shaol an chontae. Tá altanna ann ar stair, ar sheandálaíocht agus ar iascaireacht an chontae. Ba é an peileadóir contae Rory Kavanagh a rinne an seoladh. Ar ndóigh, bhí baint ag Rory agus a chomhimreoirí le casadh mór eile i stair Dhún na nGall Meán Fómhair seo caite. Bhuaigh siad craobh na hÉireann den chéad uair ón bhliain 1992. Seans maith go mbeidh cuntas ar éacht Rory agus ar fhoireann an chontae le léamh sa bhliainiris sna blianta amach romhainn. Tá cóip na bliana seo ar díol i siopaí leabhar ar fud an chontae ar phraghas €5.20.

**Píosa 2 (Canúint na Mumhan)**

Bhí Aonach na Nollag ar siúl Dé Domhnaigh seo caite i gCúil Aodha i nGaeltacht Mhúscraí. Ba í seo an dara bliain a bhí an t-aonach seo ann. Is é Comharchumann Forbartha Mhúscraí a eagraíonn an ócáid. Bíonn seans ag an bpobal earraí a dhéantar go háitiúil a cheannach ar an aonach. Bhí cístí, seacláid, seodra agus ealaín ar díol ar na seastáin i mbliana. Bhain páistí Mhúscraí an-taitneamh as cuairt Dhaidí na Nollag nuair a tháinig sé ar leathuair tar éis a trí. Bliain ghnóthach is ea 2013 i gceantar Chúil Aodha. Tá Cór Chúil Aodha ag ceiliúradh mar go bhfuil sé caoga bliain ó bunaíodh é. Tá dlúthcheirnín nua seolta ag an gCór agus tá go leor imeachtaí ar siúl faoi láthair mar chuid den cheiliúradh.

## Cuid A (24 marc)

**FÓGRA A hAON (12 mharc)**

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Cathain a bheidh an comórtas ***Scléip*** ar siúl? | Mí Aibreáin 3 mharc |
| Breac síos **dhá** rannóg a bheidh sa chomórtas. | (i) Ceol / Amhránaíocht / Scéalaíocht<br>(ii) Rince / Drámaíocht / Mím<br>2 mharc + 1 mharc |
| Cén táille iontrála atá ar gach rannóg? | (€) 20 nó 20 (euro)<br>3 mharc |
| Cad é an dáta deireanach le haghaidh iontrálacha? | Deichiú Márta **nó** 10 Márta<br>3 mharc |

**FÓGRA A DÓ (12 mharc)**

**1.** **(a)** Cén fáth a bhfuil na daoine ag fulaingt san Afraic?

Gorta 3 mharc

**(b)** Cathain a bheidh an turas rothaíochta urraithe ar siúl?

Naoú Bealtaine nó 9 Bealtaine 3 mharc

**2.** **(a)** Cá mbeidh an oíche eolais ar siúl?

Halla na pobalscoile 3 mharc

**(b)** Cé mhéad airgid nár mhór do dhuine a bhailiú?

(€) 25 **nó** fiche cúig (euro) 3 mharc

## Cuid B (24 marc)

### COMHRÁ A hAON (12 mharc)

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén t-ábhar san Ardteistiméireacht atá fós le déanamh ag Seán?

Eacnamaíocht 3 mharc

**2.** Cad a cheap Orla den pháipéar Bitheolaíochta?

(an) sásta (leis an pháipéar) 3 mharc

***An Dara Mír***

**1.** Cá raibh Seán ag obair go páirtaimseartha an samhradh seo caite?

Garáiste 3 mharc

**2.** Cad a dhéanfaidh Seán anocht?

(cúpla uair a chloig) staidéir 3 mharc

### COMHRÁ A DÓ (12 mharc)

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén t-am a shroich Síle aerfort Bhaile Átha Cliath maidin Dé Sathairn?

6.30 **nó** leathuair tar éis a sé 3 mharc

**2.** Cén **dá** rud a deir Síle go raibh sí ag brath orthu san óstán?

(i) fón (póca)

(ii) raidió nó i-pod 2 mharc+1 mharc=3 mharc

***An Dara Mír***

**1.** Cé mhéad duine a maraíodh i rith hairicín Sandy?

30 **nó** tríocha 3 mharc

**2.** Cá raibh pictiúr den siorc le feiceáil, dar le Colm?

Facebook 3 mharc

## Cuid C (12 mharc)

**PÍOSA A hAON (6 mharc)**

**1.** Cé mhéad leathanach atá sa bhliainiris?

160 **nó** céad seasca 3 mharc

**2.** Cá bhfuil an bhliainiris ar díol?

siopaí leabhar ar fud an chontae 3 mharc

Dún na nGall 1 mharc

**PÍOSA A DÓ (6 mharc)**

**1.** Cén lá a raibh Aonach na Nollag ar siúl?

Dé Domhnaigh seo caite 3 mharc

**2.** Cé mhéad bliain atá ann ó bunaíodh Cór Chúil Aodha?

50 **nó** caoga 3 mharc

Eolas (60) =
Gaeilge (0-6) = -

Móriomlán (60) =

| CUID II | - CEAPADÓIREACHT - | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

**I gcás A, B, C, agus D (Dhá cheann le freagairt)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Leathleathanach nó breis: | Tasc | = 2 mharc | |
| | Ábhar | = 8 marc | = 50 marc × 2 |
| | Cumas Gaeilge | = 40 marc | |
| | | | = **100 marc** |

[Cumas Gaeilge = (i) fairsinge agus saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra (= 40%) móide

(ii) beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe de cheart na Gaeilge (= 50%) agus litriú (= 10%).]

**[Gearrfar pionós ar iarrthóirí mura mbeidh na hiarrachtaí ceapadóireachta ad rem.]**

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 2 (Tasc), an marc a bhronntar as 8 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 40 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na n-iarrachtaí ceapadóireachta.

[**Nóta:** Maidir le 'Gaeilge Lochtach' a luaitear leis na ceisteanna ina dhiaidh seo:

Lochtanna a fhaightear ar fhreagra an iarrthóra i dtaca leis na gnéithe seo a leanas:
(i) fairsinge agus oiriúnacht Stór Gaeilge an iarrthóra,
móide
(ii) beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe de cheart na Gaeilge.
(i) agus (ii) sa chóimheas 40% : 60%]

**Páipéar II (200 marc)**

**CEIST 1 (A + B) - LÉAMHTHUISCINT - 100 marc**

Freagair **A** agus **B** anseo.

**A (50 marc)**

**1.** (a) Cén cuairteoir tábhachtach a tháinig chuig an tír seo i mí an Mheithimh 1963? (Alt 1)

- an tUachtarán Kennedy **nó** Uachtarán Mheiriceá **nó** John Fitzgerald Kennedy **nó** JFK **= 5 mharc**

- "Den chéad uair riamh ó bunaíodh an stát,bhí pearsa mhór idirnáisiúnta, Uachtarán Mheiriceá,ag tabhairt cuairt oifigiúil ar Éirinn." **= 5 mharc**

- "Ba Ghael-Mheiriceánach agus Caitliceach é an tUachtarán seo, John Fitzgerald Kennedy,agus chuir na hÉireannaigh na mílte fáilte roimhe." **= 5 mharc**

- "Tháinig an tUachtarán Kennedy, nó JFK mar ab fhearr aithne air go hÉirinn ar 23 Meitheamh agus chaith sé ceithre lá anseo." **= 5 mharc**

(b) Cé mhéad ama a chaith sé sa tír seo? (Alt 1)

- Ceithre lá **= 5 mharc**

- "Tháinig an tUachtarán Kennedy,nó JFK mar ab fhearr aithne air go hÉirinn ar 23 Meitheamh agus chaith sé ceithre lá anseo." **= 5 mharc**

**2.** (a) Cén áit in Éirinn a raibh cónaí ar ghaolta an Uachtaráin? (Alt 2)

- Loch Garman **nó** Baile Átha Cliath **nó** Corcaigh **nó** Gaillimh **nó** Luimneach **nó** i gcistin Mary Ryan **= 5 mharc**

- "Bhuail sé lena ghaolta go léir i gContae Loch Garman."

(b) Cad a rinne an tUachtarán i gcistin a chol ceathrair, Mary Ryan? (Alt 2)

- "Shuigh sé i gcistin a chol ceathrair, Mary Ryan." **= 5 mharc**
- "D'ól sé cupán tae léi." **= 5 mharc**
- "Shuigh sé i gcistin a chol ceathrair, Mary Ryan agus d'ól sé cupán tae léi." **= 5 mharc**

**3.** (a) Cad a tharla dá bhád patróil, PT-109? (Alt 3)

- "Buaileadh a bhád patróil (PT-109)." **= 5 mharc**
- "Buaileadh a bhád patróil, PT-109, agus rinneadh damáiste mór dó." **= 5 mharc**
- "Rinneadh damáiste mór dó". **= 5 mharc**

**Nóta:** De bharr earráide ar an scrúdpháipéar, glac leis an leagan mícheart "bualadh" den saorbhriathar agus ná tarraing aon líne faoi i bhfreagraí na n-iarrthóirí. Ná cuir an earraíd seo san áireamh agus tú ag measúnú chaighdéan Gaeilge na bhfreagraí.

(b) Luaigh **dhá** fháth ar cheap daoine nach mbeadh seans aige an post mar Uachtarán a fháil. (Alt 3)

**Dhá** fháth as na cinn seo a leanas: **3 mharc+2 mharc = 5 mharc**

- Caitliceach ab ea é .
- ró-shaibhir
- ró-óg
- níor thuig sé fadhbanna an ghnáthdhuine.

**4.** (a) Cad a tharla in Dallas i 1963? (Alt 4)

- "Maraíodh é." **= 5 mharc**
- "Bhí trí bliana caite aige mar Uachtarán nuair a maraíodh in Dallas,Texas é i mí na Samhna 1963." **= 5 mharc**
- Fuair sé bás **= 5 mharc**

(b) Luaigh rud **amháin** a rinne sé mar Uachtarán **agus** rud **amháin** nár éirigh leis a dhéanamh. (Alt 4)

Rud **amháin** a rinne sé mar Uachtarán

- "Bhuail sé le ceannairí (na Rúise)." **= 3 mharc**
- "Thosaigh sé cainteanna." **= 3 mharc**
- "Bhuail sé le ceannairí na Rúise agus thosaigh sé cainteanna ar laghdú na n-arm núicléach." **= 3 mharc**
- "Bhí sé láidir ach stuama ciallmhar nuair a bhí baol cogaidh ann faoi Chúba." **= 3 mharc**
- "Chabhraigh sé leis na daoine gorma." **= 3 mharc**

Rud **amháin** nár éirigh leis a dhéanamh = **2 mharc**

- "Níor éirigh leis Meiriceá a choimeád amach as an gcogadh." **= 2 mharc**
- "Ach ar an láimh eile,níor éirigh leis Meiriceá a choimeád amach as an gcogadh in Vítneam." **= 2 mharc**
- "Ní raibh sé dílis dá bhean." **= 2 mharc**
- "Chomh maith leis sin, tá a fhios againn anois go raibh fadhbanna móra sláinte aige agus nach raibh sé dílis dá bhean." **= 2 mharc**

**An chéad mhír atá ceart = 3 mharc**

**5.** (a) Cén **dá** rud a thóg Patrick Kennedy leis go Meiriceá? (Alt 5)

- D'fhág Patrick Kennedy an ché sin i rith an Ghorta Mhóir agus thóg sé dhá rud thábhachtacha leis go Meiriceá-dúil mhór sa tsaoirse agus creideamh láidir i nDia = **5 mharc**
- Dúil mhór sa tsaoirse **= 3 mharc**
- Creideamh láidir (i nDia) **= 2 mharc**

**An chéad mhír atá ceart = 3 mharc**

(b) Cad air a bhfuil muintir Loch Garman ag smaoineamh i mbliana? (Alt 5)

- Ag smaoineamh ar chuairt JFK **= 5 mharc**

- I mbliana,tá muintir Loch Garman ag smaoineamh siar ar chuairt JFK **= 5 mharc**

- Tá siad ag súil leis go dtiocfaidh gaolta an Uachtaráin, go háirithe a iníon, Caroline,ar cuairt go hÉirinn **= 5 mharc**

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht. Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh. Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach, agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

**B (50 marc)**

**1.** (a) Cad a bhuaigh Fionnuala Britton Dé Domhnaigh, 9 Nollaig 2012? (Alt 1)

- Craobh na hEorpa = **5 mharc**
- Rás trastíre = **5 mharc**
- Rás = **3 mharc**
- "Dé Domhnaigh ,9 Nollaig 2012, bhuaigh Fionnuala Britton,lúthchleasaí as Cill Mhantáin,craobh na hEorpa sa rás trastíre." = **5 mharc**

(b) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin aimsir an lá sin. (Alt 1)

(b) **Dhá** phíosa eolais: **3 mharc+2 mharc**

- (Lá) geimhriúil
- fuar
- (brat trom) sneachta

**2.** (a) Cad a rinne Fionnuala nuair a bhí sí seacht mbliana d'aois? (Alt 2)

- "Chláraigh sí leis an gclub lúthchleasaíochta áitiúil." = **5 mharc**
- "Nuair a bhí sí seacht mbliana d'aois,chláraigh sí leis an gclub lúthchleasaíochta áitiúil." = **5 mharc**

(b) Luaigh **dhá** spórt a d'imir Fionnuala agus í ar an gColáiste Doiminiceach. (Alt 2)

- Haca + camógaíocht = **3 mharc+2 mharc**
- "D'fhreastail sí ar an gColáiste Doiminiceach i mbaile Chill Mhantáin, agus d'imir sí haca agus camógaíocht ansin." = **5 mharc**

**3.** (a) Cén cúrsa a rinne Fionnuala ar an ollscoil? (Alt 3)

- "Cúrsa in eolaíocht an spóirt ." = **5 mharc**
- "Rinne Fionnuala cúrsa in eolaíocht an spóirt in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath." = **5 mharc**

- Cúrsa eolaíochta = **3 mharc**
- Cúrsa spóirt = **3 mharc**

(b) Cén **dá** rud ba ghnách le Fionnuala a dhéanamh ag an deireadh seachtaine nuair a bhíodh sí ar an ollscoil? (Alt 3)

(b) **Dhá** rud as na roghanna seo a leanas: **3 mharc+2 mharc**

- filleadh abhaile (ar a teaghlach)
- filleadh ar a cairde
- ag rith ar bhóithre
- ag rith ar chúrsaí trastíre

**4.** (a) Cá ndeachaigh Fionnuala ag traenáil nuair a d'fhág sí an ollscoil? (Alt 4)

- " (Chuaigh sí ag traenáil go dian) in ionaid spóirt thar lear." = **5 mharc**
- Chuaigh sí ag traenail go dian in ionaid spóirt thar lear, áiteanna a raibh áiseanna iontacha le fáil." = **5 mharc**
- "Chuaigh sí ag traenáil go dian in ionaid spóirt." = **3 mharc**
- "Chuaigh sí ag traenáil go dian in áiteanna a raibh áiseanna iontacha le fáil." = **3 mharc**
- "Chuaigh sí ag traenáil go dian thar lear." = **3 mharc**

(b) Cén áit ar chríochnaigh sí i gcraobhrás an deich míle méadar sna Cluichí Oilimpeacha in 2012? (Alt 4)

- Chríochnaigh sí sa chúigiú háit déag = **5 mharc**

**5.** (a) Cén **dá** aidhm atá ag Fionnuala anois? (Alt 5)

- Cáiliú do na Cluichí Oilimpeacha (in Rio de Janeiro sa bhliain 2016) agus rith sa mharatón (uair éigin amach anseo) = **5 mharc**

(b) Cé mhéad míle a ritheann Fionnuala gach seachtain? (Alt 5)

- Céad fiche míle = **5 mharc**

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**Nóta**:  Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht .  Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh. Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach, agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

| CEIST 2 | PRÓS - AINMNITHE nó ROGHNACH | (50 marc) |
|---|---|---|

| A | - PRÓS AINMNITHE - | (50 marc) |
|---|---|---|

Freagair **(a)** *agus* **(b)** anseo.

**(a)** Freagair na ceisteanna thíos ar an ngearrscannán *Cáca Milis* **nó** ar an ngearrdhráma *An Lasair Choille*.

**Cáca Milis**
Tabhair achoimre ar na heachtraí is mó sa ghearrscannán *Cáca Milis*.
Luaigh na pointí seo:
(i) Déan cur síos ar an gcaint idir Catherine agus a máthair, Theresa, sa charr.
(ii) Déan cur síos ar Paul.
(iii) Cén scéal a insíonn Paul do Catherine faoi bheith ar an raidió?
(iv) Cad a tharlaíonn idir Catherine agus Paul sa charráiste traenach?
(v) Cad a tharlaíonn ag deireadh an ghearrscannáin?

**(25 marc)**

**5 phointe eolais** agus **5 mharc** ar gach pointe eolais.
(**5 mharc**= **2 mharc** ar lomphointe eolais agus **3 mharc** ar fhorbairt.)

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**NÓ**

**An Lasair Choille**
Tabhair achoimre ar na heachtraí is mó sa ghearrdhráma *An Lasair Choille.*
Luaigh na pointí seo:
(i) An chaint a dhéanann Séamas agus Micil ag tús an ghearrdhráma.
(ii) An scéal atá ag Míoda agus an chaint a dhéanann sí féin agus Séamas le chéile.
(iii) Cad a tharlaíonn do Mhíoda ag deireadh an ghearrdhráma?
(iv) Cén pháirt atá ag Binncheol sa ghearrdhráma agus cad a tharlaíonn dó ag an deireadh?
(v) Luaigh fáth **amháin** a dtaitníonn Micil leat *nó* fáth **amháin** nach dtaitníonn Micil leat.

**(25 marc)**

**5 phointe eolais** agus **5 mharc** ar gach pointe eolais.
( **5 mharc**= **2 mharc** ar lomphointe eolais agus **3 mharc** ar fhorbairt.)

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**(b) Dís**

"Lánúin cois tine tráthnóna...Leanbh ina chodladh sa phram." *Dís*

Déan cur síos ar an gcomhrá idir Seán agus a bhean chéile an tráthnóna sin.

**(25 marc)**

**5 phointe eolais** agus **5 mharc** ar gach pointe eolais.
(**5 mharc**= **2 mharc** ar lomphointe eolais agus **3 mharc** ar fhorbairt.)

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

| **B** | **PRÓS ROGHNACH** | **(50 marc)** |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.**

Freagair **(a)** *agus* **(b)** anseo.

**(a)** Maidir le **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair achoimre ar na heachtraí is mó ann. **(23 marc)**

**5 phointe** eolais ag teastáil
(**5 mharc** an ceann ar an gcéad **trí** phointe eolais+ **4 mharc** an ceann ar an **dá** phointe eolais eile)
5 mharc / 4 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais + 3 / 2 mharc ar fhorbairt.

*Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go soiléir*

| | |
|---|---|
| Teideal an scannáin | = 1 mharc |
| Ainm an scríbhneora | = 1 mharc |

**(2 mharc)**

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**NÓ**

Maidir le **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair achoimre ar na heachtraí is mó ann **(23 marc)**

**5 phointe** eolais ag teastáil
(**5 mharc** an ceann ar an gcéad **trí** phointe eolais+ **4 mharc** an ceann ar an **dá** phointe eolais eile)

5 mharc / 4 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais + 3 / 2 mharc ar fhorbairt.

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.*

Teideal an dráma = 1 mharc
Ainm an údair = 1 mharc

**(2 mharc)**

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**(b)** Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an príomhcharachtar (an phríomhphearsa) ann. Tabhair **cuntas** ar an bpríomhcharachtar (ar an bpríomhphearsa) ó thús deireadh an ghearrscéil.

**(23 marc)**

An príomhcharachtar (an phríomhphearsa) = **1 mharc**

Cuntas ar an bpríomhcharachtar (ar an bpríomhphearsa):
**5 phointe** eolais ag teastáil
(**5 mharc** an ceann ar an gcéad dhá phointe eolais+ **4 mharc** an ceann ar an trí phointe eolais eile)
**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt.
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt.

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.*
Teideal an ghearrscéil = 1 mharc
Ainm an údair = 1 mharc

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**CEIST 3 FILÍOCHT - AINMNITHE nó ROGHNACH (50 marc)**

**A - FILÍOCHT AINMNITHE - (50 marc)**

Freagair **(a)** *agus* **(b)** anseo.

**Mo ghrá-sa (idir lúibíní)**

**(a)** (i) (a) Cad a deir an file faoin bhfear i véarsa a haon? (**2 mharc**)

**Freagraí samplacha**: níl sé dathúil; níl sé cosúil le bláth an draighin; níl sé cosúil le bláthanna ag fás in aon áit.

(b) Cá bhfásfaidh na nóiníní? (**2 mharc**)

**Freagraí samplacha**: as a chluasa; san uaigh; is as a chluasa a fhásfaidh siad; is as a chluasa a fhásfaidh siad nuair a bheidh sé ocht dtroigh síos.

(c) Céard atá mícheart le súile an fhir? (**2 mharc**)

**Freagraí samplacha**: níl siad mar ghlaise cheolmhar; níl aon dath glas ag baint leo; níl aon dath glas draíochtach ag baint leo; níl siad glas ceolmhar; tá siad ró-chóngarach dá chéile; tá siad ró-ghar dá chéile.

(d) Cad iad na torthaí a thugann an fear don fhile? (**2 mharc**)
Úlla + caora finiúna = **1 mharc + 1 mharc**

(ii) Inis **i d'fhocail féin,** cén saghas duine é an fear? (Is leor **dhá** phointe eolais.)
(2 phointe eolais ar **4 mharc** an ceann)

(iii) Luaigh rud **amháin** a thaitin leat ***agus*** rud **amháin** nár thaitin leat faoin dán seo.
(5 mharc ar an gceann is fearr + 4 mharc ar an gceann eile)

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**An Spailpín Fánach**

**(b)** (i) (a) Cad a dhéanann an file "go moch ar maidin"? (**2 mharc**)

**Freagraí samplacha**: bíonn sé amuigh ag siúl sa drúcht ,"ag siúl an drúchta go moch ar maidin", "ag bailiú galair ráithe",piocann sé suas galair

(b) Luaigh **dhá** áit ina mbíodh an spailpín. (**2 mharc**)

Cluain Meala; Tiobraid Árann; Carraig na Siúire; Callainn; Durlas; Caiseal; Margadh na saoire, aonach hireálta. (1 mharc + 1 mharc)

(c) Cad a chloiseann an spailpín na daoine á rá nuair a théann sé go Durlas? **(2 mharc)**

**Freagraí samplacha**: go bhfuil an spailpín fánach ag teacht, "Sin chu'ibh an spailpín fánach!"

(d) Cén cheist a bhíonn ag "bodairí na tíre"? (**2 mharc**)

**Freagraí samplacha**:An bhfuil obair faighte aige?, "an bhfuilim hireálta?" "á fhiafraí an bhfuilim hireálta"

(ii) Inis **i d'fhocail féin,** cén sórt saoil a bhí ag an spailpín? (Is leor **dhá** phointe eolais.) = (**4 mharc +4 mharc**)

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)
Is maith / Ní maith = (**1 mharc**) + **dhá** fháth = (**4 mharc** + **4 mharc**)

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**Nóta**: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach i gcuid (a) **agus** an marc don Ábhar agus don Ghaeilge i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

| B | – FILÍOCHT ROGHNACH – | (50 marc) |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.**

Freagair **(a)** *agus* **(b)** anseo.

**(a)** (i) Maidir le **dán roghnach nua-aimseartha amháin** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, inis **i d'fhocail féin,** cad is téama don dán sin, dar leat? **(7 marc)**

An téama a lua = **3 mharc**
Forbairt ar an téama = **4 mharc**

(ii) Roghnaigh **dhá** íomhá (phictiúr) a úsáideann an file sa dán seo agus déan cur síos orthu **i d'fhocail féin**. (**8 marc**)

Íomhá / pictiúr a lua = **1 mharc**
Forbairt = **3 mharc** **2 íomhá / phictiúr ar 4 mharc an ceann**

(iii) Luaigh rud **amháin** a thaitin leat ***agus*** rud **amháin** nár thaitin leat faoin dán seo. **(8 marc)**

Rud **amháin** a thaitin leat = **4 mharc**
Rud **amháin** nár thaitin leat= **4 mharc**

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go soiléir*. (2 mharc)

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**(b)** (i) Maidir le **dán roghnach sean-aimseartha amháin** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, inis **i d'fhocail féin,** cad iad príomhsmaointe an dáin? **(8 marc)**

**2 phointe eolais:**
Lomphointe + Forbairt= **2 phointe ar 4 mharc an ceann = 8 marc**

(ii) Cén mothú is mó atá sa dán, dar leat? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) **(6 mharc)**

Mothú a lua=**1 mharc** + **dhá fháth :3 mharc + 2 mharc**

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) **(9 marc)**

Is maith / Ní maith = (**1 mharc**) + **dhá** fháth = **4 mharc** + **4 mharc**

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go soiléir.* (2 mharc)

[Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**Nóta**: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc don Ábhar agus an marc a bhaintear i ngeall ar Ghaeilge lochtach i gcuid (a) **agus** an marc don Ábhar agus don Ghaeilge i gcuid (b) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

## Scéim Mharcála Mhodhnaithe

Cuirtear **Scéim Mharcála Mhodhnaithe** i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid téipthaifeadáin.
- Úsáid próiseálaí focal.
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach.

Sa Ghaeilge Gnáthleibhéal san Ardteistiméireacht ciallaíonn sé sin nach ngearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe gramadaí áirithe.

**Litriú**:I gcás earráidí litrithe,iarrtar ar scrúdaitheoirí gan líne a chur faoi fhocail atá litrithe mícheart ná faoi fhocail a bhfuil síneadh fada ar lár , fiú má chuireann sé isteach ar fhuaimniú an fhocail.

Cuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

**An Chluastuiscint**-An mharcáil ar mheasúnú ar an nGaeilge.[ Gaeilge lochtach: 0-6 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**Páipéar 1:Ceist 2:An Cheapadóireacht** –an measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc.

**Páipéar 2:Ceist 1**:An Léamhthuiscint-an measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí. [Léamhthuiscint A:Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a nóthaíodh agus Léamhthuiscint B:Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**Páipéar 2:Ceist 2: An Prós-**An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí próis. [Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**Páipéar 2:Ceist 3:An Fhilíocht-**An measunú a dhéantar ar chaigdeán na Gaeilge sna freagraí filíochta. [Gaeilge lochtach: 0 – 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Leathanach Bán

Leathanach Bán